Eolas maidir le Speisialtóir Tithíochta Teicniúil Aoisbhá i gComhairle Cathrach na Gaillimhe

Sonraí an Speisialtóra Tithíochta Teicniúla Aoisbhá i gComhairle Cathrach na Gaillimhe

Ainm: Ann Marie Cusack

Ríomhphost: annmariecusack@galwaycity.ie

Uimhir Theileafóin: 091 536 497 nó 087 9217666

Oibreoidh an ról sannta seo ar bhonn comhoibríoch le **Bainisteoir an Chláir Aoisbhá – Caitriona Morgan**

Seirbhís Nua | Céard é an Speisialtóir Tithíochta Teicniúil Aoisbhá i gComhairle Cathrach na Gaillimhe?

Tá comhalta foirne ag a bhfuil an leibhéal saineolais theicniúil chuí sannta mar Speisialtóir Tithíochta Teicniúil Aoisbhá ár n-údaráis áitiúil. Cinnteoidh sé seo gur féidir lenár n-údarás áitiúil comhairle **theicniúil** a chur ar fáil do

- **Ár gcomhaltaí foirne agus baill dár n-údaráis áitiúil**
- **Forbróirí san earnáil phríobháideach ar spéis leo tithíocht aoisbháúil a sholáthar**
- **Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta ar spéis leo tithíocht a sholáthar do dhaoine níos sine**
- **Daoine aonair ón bpobal a bhféadfadh comhairle a bheith ag teastáil uathu maidir le méid ceart nó a n-áitribh féin a oiriúnú trí úsáid a bhaint as prionsabail dearadh uilíoch aoisbháúla**

Cinntigh go bhfuil gach fiosrúchán a bhaineann leis na saincheisteanna atá liostaithe thuas curtha in iúl dár Speisialtóir Tithíochta Teicniúil Aoisbhá

Déanfaidh an Speisialtóir Tithíochta Teicniúil Aoisbhá an méid seo a leanas

- Feidhmeoidh sí mar **phríomhphointe teagmhála** i ndáil le ceisteanna teicniúla a bhaineann le tithíocht aoisbháúil, go háirithe ceisteanna a bhaineann leis na prionsabail dearadh don saol agus dearadh uilíoch

- Freagróidh sí agus **déileálfaidh sí le hatreoruithe agus fiosrúcháin ó raon earnálacha** lena n-áirítear comhaltaí foirne tithíochta (Pleanáil & Tithíocht go háirithe), páirtithe leasmhara & gníomhaireachtaí seachtracha, forbróirí san earnáil phríobháideach, Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus daoine aonair
- Cuirfidh sí **eolas ar fáil maidir le príomhtheagmhálaithe laistigh de d'eagraíocht** chun ceisteanna agus réitigh a bhaineann le tithíocht aoisbháúil agus oibreacha sa ríocht phoiblí a phlé
- Tagróidh sí do shamhlacha **dea-chleachtais** i réimsí eile agus roinnfidh sí **treoirlínte dearadh uilíoch, pleananna teicniúla agus sonraíocht forbartha** a bheidh mar bhonn le dearadh
- Soláthróidh sí sonraí teagmhála, de réir mar is cuí, daoine lasmuigh den eagraíocht a d'fhéadfadh a bheith in ann tuilleadh **treorach agus cúnaimh theicniúil** a sholáthar go háirithe i ndáil le prionsabail dearadh uilíoch agus cosc ar choireacht trí phrionsabail dearadh timpeallachta
- Oibreoidh sí i gcomhpháirt le Bainisteoirí reatha áitiúla an Chláir Aoisbhá agus le foireann seirbhísí comhroinnte náisiúnta Aoisbhá Éireann i ndáil le **cur chun feidhme straitéise agus aistriú cuspóirí beartais ag leibhéal áitiúil**
- Beidh sí freagrach as **dul chun cinn a thaifeadadh agus atreoruithe agus forbairtí a mhonatóiriú, glacadh le prionsabail agus torthaí** a bheidh mar bhonn leis an tuarascáil náisiúnta atá curtha faoi bhráid na Roinne Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil ag Aoisbhá Éireann faoin nGrúpa Forfheidhmithe Náisiúnta.

Cúlra | Aoisbhá Éireann | Feidhm Seirbhísí Comhroinnte an Rialtais Áitiúil

Is feidhm seirbhísí comhroinnte den rialtas áitiúil atá á reáchtáil ag Comhairle Contae na Mí é Aoisbhá Éireann. Tá sé ag feidhmiú trí ghréasán náisiúnta de 31 Clár Aoisbhá ar fud gach ceantar údaráis áitiúil. Comhordaíonn, tacaíonn agus soláthraíonn Aoisbhá Éireann treoir theicniúil don 31 Clár Cathrach agus Contae Aoisbhá ilghníomhaireachta, faoi threoir 31 údarás áitiúil.

Glactar le cur chuige ilghníomhaireachta, ilearnálach maidir le pleanáil agus soláthar seirbhísí a bhaineann le haois sa Chlár Aoisbhách. Cabhraíonn an clár seo le cathracha, contaetha agus pobail a bheith níos ionchuimsithí chomh fada is a bhaineann le daoine breacaosta trí dhíriú ar na hábhair atá ag déanamh imní dóibh agus freagairtí praiticiúla a bhunú atá dírithe ar chaighdeán beatha ár saoránach ar fad a fheabhsú.

I ngach ceantar údaráis áitiúil, bunaítear Comhaontas Aoisbhá, a bhfuil cinnteoirí sinsearacha as eagraíochtaí poiblí (an tÚdarás Áitiúil, FSS, An Garda Síochána, etc.), tráchtála agus seachbhrabúsacha páirteach iontu. Trí Chomhairle do Dhaoine Breacaosta a bhunú i ngach ceantar údaráis áitiúil rannpháirteach, bíonn deis ag daoine breacaosta tionchar láidir, treorach a bheith acu ar fhorbairt áitiúil aoisbhách. Pleanálann agus cuireann Comhaontais Aoisbhá straitéisí chun feidhme agus déanann siad maoirseacht ar dhul chun cinn i ngach contae. Tá na mílte céimeanna praiticiúla curtha i gcrích ag leibhéal áitiúil faoi threoir na gComhaontas seo.

Sonraí Teagmhála le haghaidh Aoisbhá Éireann

Seirbhís Chomhroinnte Aoisbhá Éireann |Comhairle Contae na Mí

Teil: 046 9097000 nó Líne Dhíreach 046-9097413 |
Ríomhphost: agefriendlyireland@meathcoco.ie

Gréasán: www.agefriendlyireland.ie | Twitter: @AgeFriendlyIrl